

**A: MACHNAMH**

Beidh tú ag féachaint ar ball ar mhír faoin bhféile litríochta Gaeilge (*Irish literary festival*), IMRAM. Bí ag obair leis an duine in aice leat agus pléigí na ceistanna thíos le chéile. Líonaigí isteach an tábla **stór focal** freisin le linn na cainte.

Na focail atá agat:	Na focail ba mhaith leat a fhoghlaim:
féile ceolchoirm comhaimseartha ...	<i>being celebrated</i> <i>enthralled, rapt</i> <i>crowds ...</i>

1. Cad a bhíonn ar siúl, dar leat, i bhféile litríochta Gaeilge ar nós IMRAM?
2. Féach ar imeachtaí na féile i mbliana [anseo](#). Cad a cheapann tú faoi chlár na n-imeachtaí?

Féach ar an bhfíseán anseo.



3. Cad is brí leis an téarma ‘Swiftí’?
4. An Swiftí tú féin? Cén fáth?
5. Ar chuala tú riamh faoin dealbhóir (*sculptor*) Éireannach Clíodhna Cussen? Féach ar an bhfíseán beag faoina cuid oibre [anseo](#). An dtaitníonn a saothar leat? Cén fáth?

Féach ar an bhfíseán anseo.



## B: FOCLÓIR

1. Meaitseáil na focail Ghaeilge ar chlé leis na focail Bhéarla ar dheis.

1. ceiliúradh	a. attending
2. ceoltóirí iomráiteacha	b. enthralled, rapt
3. a aistriú	c. renowned musicians
4. faoi dhraíocht	d. no more than
5. ag freastal ar	e. crowds
6. sluaite	f. various events
7. an chéad ghlúin eile	g. celebration
8. draoithe	h. more information
9. ach an oiread le	i. wizards
10. tuilleadh eolais	j. to translate
11. imeachtaí éagsúla	k. the next generation

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10	11

2. Conas a deir tú féin 20 years? \_\_\_\_\_
3. Meaitseáil na teidil Ghaeilge ar chlé leis na teidil Bhéarla ar dheis. Cé acu teideal a bhaineann le Taylor Swift, dar leat?

An Craiceann agus a Luach	<i>The Poetry of Stone</i>
Sreang Dhofheicthe	<i>Under Her Skin</i>
Clochdhánta	<i>Invisible String</i>

4. Cad a dhéanann na daoine seo?

Dealbhóir	
Scéalaí	
Úrscéalaí	
File	

## C: TUISCINT

1. Féach ar an mír den chéad uair agus bain úsáid as na focail Ghaeilge faoi B: FOCLÓIR chun na bearnaí a líonadh sna habairtí seo:

- Is féidir \_\_\_\_\_ a fháil faoin bhféile ag [www.imram.ie](http://www.imram.ie).
- Beidh go leor \_\_\_\_\_ mar chuid den fhéile – ina measc, \_\_\_\_\_ ar shaothar Clíodhna Cussen.
- Bhí sé deacair saothar Taylor Swift \_\_\_\_\_ go Gaeilge.
- Aistríodh saothar \_\_\_\_\_ ar nós Bob Dylan le blianta anuas.
- Tá Liam Carson agus a iníon \_\_\_\_\_ ag Taylor Swift.
- Tá na ticéid don cheolchoirm díolta amach, \_\_\_\_\_ ceolchoirm Taylor Swift.
- Beidh \_\_\_\_\_ ceoil ar an ardán le hEithne Ní Ghallchobhair.
- Tá áthas ar Róisín Seoighe go bhfuil \_\_\_\_\_ ag léiriú suim sa Ghaeilge.
- Dúirt iníon Liam Carson go mbeadh na \_\_\_\_\_ \_\_\_\_\_ ar an bhféile.

2. Féach ar an mír den dara huair agus freagair na ceisteanna thíos.

a) Cathain a bheidh an fhéile críochnaithe?
b) Cé hí an t-ealaíontóir mór le rá atá mar chuid lárnach den fhéile? Cad é teideal an imeachta sin?
c) Cén fáth ar roghnaigh stiúrthóir na féile, Liam Carson, Taylor Swift i mbliana?
d) Dúirt Róisín Seoighe go raibh a lán cailíní óga ag an ngig. Cén fáth, dar léi?
e) Cé a bheidh ar an stáitse le hEithne Ní Gallchobhair?
f) Cén t-eolas a thugtar faoin imeacht <i>Clochdhánta</i> ?
g) Cá bhfuil tuilleadh eolais le fáil faoin bhféile?

## D: FEASACHT TEANGA

### 1: Cruinneas gramadaí (an t-ainm briathartha + á)

- a) An féidir leat an síneadh fada sna samplaí thíos a mhíniú?

Tá duine de na ceoltóirí is mó ar domhan **á** cheiliúradh le linn na féile.

Tá an aiste **á** críochnú ag na foghlaimeoirí faoi láthair.

Tá na grianghraif **á** n-uaslódáil anois.

- b) Féach ar na samplaí seo thíos anois agus cuir an fhoirm cheart den bhriathar (idir lúibíní) sna bearnaí:

Beidh amhráin Taylor Swift á (ceiliúradh) _____ ann.
Tá an obair á (déanamh) _____ aige faoi láthair.
Tá an dinnéar á (déanamh) _____ aici faoi láthair.
Tá na botúin chéanna á (déanamh) _____ acu, mar is gnách.
Bhí an fheoil á (ithe) _____ aige nuair a buaileadh cnag ar an doras.
Beidh amhráin Taylor Swift á (aistriú) _____ go Gaeilge don fhéile.
Is mór an trua nach bhfuil an nuacht á (craoladh) _____ ag a sé a chlog níos mó.
Bhí an rothar á (cur) _____ faoi ghlas aici nuair a chonaic mé í.
Beidh na scannáin á (taispeáint) _____ le linn an deireadh seachtaine.

### 2: Saibhreas teanga (nathanna cainte)

Cad is brí leis na nathanna cainte seo a leanas? Téigh go dtí [www.foclóir.ie](http://www.foclóir.ie) mura bhfuil tú cinnte.

An féidir leat iad a chur in abairtí lena mbrí a léiriú?

an craiceann agus a luach a bheith agat	
níor tháinig mé isteach leis an lán mara	
níl sé thar mholadh beirte	

## E: CUMARSÁID

### 1: Caint


Bí ag obair leis an duine in aice leat. Féachaigí ar an sliocht ó amhrán Taylor Swift agus freagraigí na ceisteanna:

#### We Are Never Ever Getting Back Together

I remember when we broke up, the first time  
Saying, "this is it, I've had enough"  
'Cause like, we hadn't seen each other in a month  
When you said you needed space (what?)  
Then you come around again and say  
"Baby, I miss you and I swear I'm gonna change, trust me"  
Remember how that lasted for a day?  
I say, "I hate you," we break up, you call me, "I love you"  
Ooh, ooh, ooh  
We called it off again last night  
But ooh, ooh, ooh  
This time, I'm telling you, I'm telling you  
We are never ever, ever getting back together  
We are never ever, ever getting back together  
You go talk to your friends, talk to my friends, talk to me  
But we are never ever, ever, ever getting back together  
Like, ever

#### Frásaí úsáideacha

scar muid – *we broke up*  
tá mo dhóthain agam – *I've had enough*  
braithim uaim tú – *I miss you*  
geallaim duit – *I swear*  
trust me – *bíodh muinín agat asam*  
ní thiocfaidh muid ar ais le chéile go deo  
– *we will never get back together*



- Cad é téama an amhráin, dar libh?
- Bainigí úsáid as na frásaí úsáideacha sa bhosca chun na véarsaí thuas a aistriú go Gaeilge.
- Cad é deireadh an amhráin, dar libh? An dtagann siad ar ais le chéile? Éistigí leis an amhrán [anseo](#).
- An dtaitníonn an t-amhrán libh? Cén fáth?
- Conas a mhothaíonn sibh nuair a éistean sibh leis an amhrán seo?

## 2: Scríobh

Scríobh postáil do na meáin shóisialta ag déanamh cur síos ar na tuairimí atá agat faoin amhrán *We Are Never Ever Getting Back Together*.

D'éist mé leis an amhrán *We Are Never Ever Getting Back Together* le déanaí. Is í Taylor Swift a chum an t-amhrán. Is é téama an amhráin ná ...


## 3. Cad a d'fhoghlaim tú?

Líon an bosca thíos leis an stór focal nua a d'fhoghlaim tú sa rang seo. Téigh siar go dtí **A: MACHNAMH** chun an méid a scríobh tú sna boscaí sin a sheiceáil.

**Na focail agus frásaí nua atá anois foghlamtha agat:**

--

## AN SCRIPT

---

### Siún Nic Gearailt

Anois, cuireadh tús leis an bhféile IMRAM aréir le ceolchoirm speisialta d'amhráin Taylor Swift atá aistrithe go Gaolainn<sup>1</sup>. Beidh an fhéile ar siúl go lár na míosa agus i measc na n-imeachtaí eile tá *An Craiceann agus a Luach* agus ceiliúradh ar shaol an ealaíontóra Clíodhna Cussen.

### Peadar Mac Gaoithín

Ba chuid lárnach d'fhéile IMRAM le scór bliain anuas na ceolchoirmeacha ina ndearnadh saothar ceoltóirí iomráiteacha – cosúil le Bob Dylan, Leonard Cohen, David Bowie agus Joni Mitchell – a aistriú go Gaeilge agus a chur ar stáitse. I mbliana, tá duine de na ceoltóirí comhaimseartha is mó ar domhan á cheiliúradh: Taylor Swift.

### Liam Carson, Stiúrthóir Fhéile Litríochta IMRAM

In 2019, bhí m'iníon, Eithne, faoi dhraíocht ag Taylor Swift agus cheannaigh mé ticéidí le dul chuig Páirc an Chrócaigh agus thit mé féin faoi dhraíocht ag Taylor Swift agus bhí sise ag brú orm arís agus arís eile, *you know*, "Daidí, cad chuige nach bhfuil sibh ag tabhairt faoi Taylor Swift?" Agus tá sise ag freastal ar Choláiste Íosagáin anseo i mBaile Átha Cliath agus dúirt sí go mbeadh na sluaite ann agus go mbeadh sé díolta amach agus bhí an ceart ar fad aici.

### Peadar Mac Gaoithín

Tá rogha speisialta dá cuid amhrán óna halbaim *Folklore* agus *Evermore*, atá aistrithe go Gaeilge ag Róisín Seoighe agus Gabriel Rosenstock, á léiriú ar stáitse ag an ghrúpa<sup>2</sup> IMLÉ agus Róisín féin sa seó *Sreang Dhoifheicthe: Tionscadal Taylor Swift*.

### Róisín Seoighe, Ceoltóir

Bhí sé thar a bheith speisialta a bheith ag obair ar an togra seo. Is duine í Taylor Swift atá go mór anois – ó thaobh gasúir óga, cailíní óga ach go háirithe – agus tá sé go hálainn leaganacha Gaeilge de na hamhráin seo a chur ar fáil do phobal na Gaeilge. Agus chonaic mé go leor cailíní óga ag an ngig aréir agus, le cúnamh Dé, beidh siad ann anocht agus tá sé go hálainn an chéad ghlúin eile a fheiceáil ag teacht chun cinn agus suim acu sa nGaeilge<sup>3</sup>, suim acu in Taylor Swift.

### Peadar Mac Gaoithín

Ar ndóigh, tá neart imeachtaí eile ar siúl mar chuid den fhéile fosta.

### Liam Carson, Stiúrthóir Fhéile Litríochta IMRAM

Beidh muid istigh in Smock Alley an tseachtain seo chugainn agus beidh imeacht againn dar teideal *An Craiceann agus a Luach*, leis an scéalaí Eithne Ní Ghallchobhair as Tír Chonaill, agus ceol curtha leis na dánta atá aici le Steve Cooney agus beidh draoithe ceoil ar an ardán aici. Chomh maith leis sin, beidh *Clochdhánta* againn – ceiliúradh ar shaol agus ar shaothar Clíodhna Cussen, an dealbhóir, úrscéalaí, agus file. Agus beidh na lads as Kíla ar an ardán an oíche sin, chomh maith le Pádraig Ó Snodaigh agus Bidy Jenkinson, ceann de na filí is fearr sa tír seo.

### Peadar Mac Gaoithín

Ach an oiread le ceolchoirmeacha Taylor Swift féin, tá na ticéidí do cheolchoirm na hoíche anocht uilig<sup>4</sup> díolta amach ach tá IMRAM ar siúl go dtí an séú lá déag den mhí seo agus tá tuilleadh eolais faoi na himeachtaí éagsúla ar fáil ar [www.imram.ie](http://www.imram.ie).

Peadar Mac Gaoithín, Nuacht TG4.

---

<sup>1</sup> Gaolainn = leagan canúnach de 'Gaeilge'

<sup>2</sup> Canúint Uladh atá ag an gcainteoir seo; mar sin, cuirtear séimhiú seachas urú ar ainmfhocail i ndiaidh réamhfhocail agus an ailt.

<sup>3</sup> Canúint Chonnacht atá ag an gcainteoir seo; mar sin, cuirtear urú seachas séimhiú ar ainmfhocail i ndiaidh 'sa'.

<sup>4</sup> uilig = leagan canúnach de 'uile' ('ar fad')

## NÓTAÍ & FREAGRAÍ

### A: MACHNAMH

Cleachtadh gearr cainte é seo chun tús a chur le rang bríomhar ina mbeidh na foghlaimeoirí ag féachaint ar mhír nuachta, ag déanamh cleachtaí cluastuisceana agus ag comhrá faoi thopaic a bhaineann leis an mír ansin.

An aidhm atá leis na ceisteanna/gníomhaíochtaí sa chuid seo den cheacht ná go mbeidh deis ag na foghlaimeoirí ‘machnamh’ a dhéanamh faoin méid atá ar eolas acu faoin scéal (mír nuachta) atá le teacht. Lig do na foghlaimeoirí iad féin a ullmhú don topaic trí tharraingt ar an méid atá ar eolas acu cheana féin faoin scéal, trí chur agus cúiteamh a dhéanamh lena gcomhfhoghlaimeoirí agus trí mhachnamh a dhéanamh ar an stór focal atá acu agus **nach bhfuil** acu chun plé a dhéanamh ar an topaic. Iarr ar na foghlaimeoirí nóta a ghlacadh, sa tábla *stór focal*, de na focail atá acu cheana féin, ach níos tábhachtaí fós, de na focail nach bhfuil acu i nGaeilge chun an topaic a phlé. Is féidir leo na focail atá in easnamh a scríobh sa tábla *stór focal* i mBéarla nó i dteanga ar bith. Ná bí buartha má théann na foghlaimeoirí i muinín an Bhéarla sa chuid seo den cheacht. Mínigh dóibh go bhfoghlaimeoidh siad go leor stór focal le linn an ranga chun an topaic a phlé ar ball. Tá sé tábhachtach béim a chur ar an méid **atá** ar eolas ag na foghlaimeoirí sa dóigh is go mbeidh siad oscailte agus dearfach faoin eispéireas foghlama atá le teacht.

Tabhair deis dóibh na ceisteanna a phlé le chéile.

### B: FOCLÓIR

#### 1. Freagraí:

ceiliúradh	<i>celebration</i>
ceoltóirí iomráiteacha	<i>renowned musicians</i>
a aistriú	<i>to translate</i>
faoi dhraíocht	<i>enthralled, rapt</i>
ag freastal ar	<i>attending</i>
sluaite	<i>crowds</i>
an chéad ghlúin eile	<i>the next generation</i>
draoithe	<i>wizards</i>
ach an oiread le	<i>no more than</i>
tuilleadh eolais	<i>more information</i>
imeachtaí éagsúla	<i>various events</i>

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10	11
g	c	j	b	a	e	k	i	d	h	f

2. 20 years: fiche bliain nó scór bliain a bheidh le cloisteáil sa mhír.

#### 3. Freagraí:

An Craiceann agus a Luach	<i>Under Her Skin</i>
Sreang Dhofheicthe	<i>Invisible String (Taylor Swift)</i>
Clochdhánta	<i>The Poetry of Stone</i>



#### 4. Freagraí

Dealbhóir	Ealaíontóir a chruthaíonn dealbha.
Scéalaí	Duine a insíonn scéalta.
Úrscéalaí	Duine a scríobhann úrscéalta.
File	Duine a scríobhann dánta.

### C: TUISCINT

#### 1. Freagraí:

- Is féidir **tuilleadh eolais** a fháil faoin bhféile ag [www.imram.ie](http://www.imram.ie).
- Beidh go leor **imeachtaí éagsúla** mar chuid den fhéile – ina measc, **ceiliúradh** ar shaothar Clíodhna Cussen.
- Bhí sé deacair saothar Taylor Swift **a aistriú** go Gaeilge.
- Aistríodh saothar **ceoltóirí iomráiteacha** ar nós Bob Dylan, le blianta anuas.
- Tá Liam Carson agus a iníon **faoi dhraíocht** ag Taylor Swift.
- Tá na ticéid don cheolchoirm anocht díolta amach, **ach an oiread le** ceolchoirmeacha Taylor Swift.
- Beidh **draoithe** ceoil ar an ardán le hEithne Ní Ghallchobhair.
- Tá áthas ar Róisín Seoighe go bhfuil **an chéad ghlúin eile** ag léiriú suim sa Ghaeilge.
- Dúirt iníon Liam Carson go mbeadh **na sluaite ag freastal** ar an bhféile.

#### 2. Féach ar an script.

### D: FEASACHT TEANGA

#### 1: Cruinneas gramadaí (an t-ainm briathartha + á)

##### a) Freagraí:

Tá dhá chiall ag baint le ‘á + ainm briathartha’:

- Úsáidtear é mar nach féidir forainm a chur tar éis ainm briathartha sa Ghaeilge. e.g. ní féidir ‘ag déanamh + é’ a rá sa Ghaeilge, mar sin is é ‘á dhéanamh’ an Ghaeilge atá ar ‘*doing it*’.
- Úsáidtear an struchtúr seo freisin mar fhaí chéasta (*passive voice*). Mar shampla: ‘Tá sé á dhéanamh (aige)’ = *It is being done (by him)*.

Is é an dara struchtúr seo atá i gceist sa sampla atá le fáil sa mhír nuachta seo:

‘Tá duine de na ceoltóirí is mó ar domhan **á** cheiliúradh le linn na féile.’  
(*One of the biggest musicians in the world **is being** celebrated during the festival.*)

Tá na rialacha a bhaineann le ‘á’ cosúil leis na rialacha a bhaineann leis an aidiacht shealbhach sa chaoi is go gcuirtear séimhiú nó urú ar an ainm briathartha, ag brath ar inscne agus uimhir an ainmfhocail a thagann roimhe. Mar shampla:

dinnéar (firinscneach, uimhir uatha) á dhéanamh (duine á cheiliúradh)  
obair (baininscneach, uimhir uatha) á déanamh (aiste á críochnú)  
botúin (uimhir iolra) á ndéanamh (grianghraif a n-uaslódáil)

b) Freagraí:

Beidh amhráin Taylor Swift á gceiliúradh ann.
Tá an obair á déanamh aige faoi láthair.
Tá an dinnéar á dhéanamh aici faoi láthair.
Tá na botúin chéanna á ndéanamh acu mar is gnách.
Bhí an fheoil á hithe aige nuair a buaileadh cnag ar an doras.
Beidh amhráin Taylor Swift á n-aistriú go Gaeilge don fhéile.
Is mór an trua nach bhfuil an nuacht á craoladh ag a sé a chlog níos mó.
Bhí an rothar á chur faoi ghlas aici nuair a chonaic mé í.
Beidh na scannáin á dtaispeáint le linn an deireadh seachtaine.

## 2: Saibhreas teanga (nathanna cainte)

Freagraí:

an craiceann agus a luach a bheith agat	<i>to have your cake and eat it</i>
níor tháinig mé isteach leis an lán mara	<i>I wasn't born yesterday</i>
níl sé thar mholadh beirte	<i>It's not great, not up to scratch</i>

## E: CUMARSÁID

### 1: Caint

Tabhair deis do gach beirt na liricí a léamh i mBéarla ar dtús agus ansin na liricí a aistriú go Gaeilge. Tá na frásaí úsáideacha ann le cuidiú leo é sin a dhéanamh. Ba cheart go mbeadh spraoi ag baint leis an obair. Abair leo ansin na ceistanna faoin amhrán a phlé le chéile. Pléigh na ceistanna leis an rang iomlán ansin.

Téamaí an amhráin: briseadh croí; éiginnteacht; saoirse agus neamhspleáchas; diongbháilteacht.

### 2: Scríobh

Iarr orthu cur síos a dhéanamh ar an amhrán do na meáin shóisialta.

### 3: Cad a d'fhoghlaim tú?

Tabhair deis do na foghlaimeoirí nóta a dhéanamh de na rudaí nua atá foghlamtha acu. Bí cinnte go dtéann siad siar go dtí cuid A.